

SGÉUL CHÚL LE RAITH.

Mac Tighearna abhí i mBinn Éudain fadó sé nós a raibh sé ina fhear farraige. Caiptín soithigh abhí ann. Ní raibh áit a bith a raibh sé toigéal a chúirse (cúrsa) nach reicéailtí

an soitheach agus nach mbáití í agus thigeach seisean aisti 'na dhiadh sin, ar feadh trí nó ceathair dhe shoithigh. Nuair a tháinig sé abhaile ansoin ag athair tar éis an tríomhadh soitheach a bheith báithe aige "níl aon ghnaithe a'd "adeir a t'athair " a briseadh soithigh níos mó tá do chúl le raith a'd." "Bhoil" adeir sé "mar sin" adeir sé "gabhfaidh mé chomh fada le Fathach Chnoc na Nidh." Bhuail leis ansoin agus bhí sé siubhal leis agus 's garr gur casadh bean dó. D'fhiarruigh sí de cá raibh sé dul agus dubhairt sé gur chomh fada leis a bhfathach. "Bhoil nil aon ghnaithe a'd" a dul chomh fada leis sin" adeir sí tá sé sin a cur daoine 'un báis chuile lá." "Ach" adeir sí "níl aon ghnaithe a'd ansoin. Ach tá mór sheisear inghean aige sin agus nil aon fhear a thiocthas chomh fada leis nach gcuirfidh sé a faire na n'ingheanacha san oidhche agus ansoin nuair nach mbeidh fhios aige cé ndeachaigh na hingheanacha ar maidin bainfidh sé an cloigeann de. Imtheóchaidh na hingeanachs sin chuile oidhche agus sé'n áit a ngabhfaidh siad go Tír na nÓige" adeir sí "ach nil aon oidhche nach dtiocfaidh seisear fear as Tír na hÓige agus bád acab agus tiúbhraidh siad leóthab mór sheisear inghean an fhathaigh agus tiúbraidh siad go Tír na hÓige iad agus tiúbraidh siad ar ais aríst ar maidin iad, beidh siad ar ais roimh lá acab" adeir sí. "Agus nil acab ach seisear fear" adeir sí " agus ta mór sheisear mná ann agus tá an ingean is sine agus an ingean is óige a' troid le chéile faoi aon fhear amháin." Adeir sí. "Tiúbraidh mise rud dhuit se anois" adeir sí "nuair a ghabhfhas tú chomh fada leis an bhfathach agus chuirfheas sé a faire na ningheaneacha san oidhche thú tiubhraidh mé rud dhuit" adeir sí "a mbeidh fhios a'd cé mbeidh siad a dhul. "Agus" adeir sí "tiúbhraidh mise hata agus fáine agus péire bróga dhuit" adeir sí "ach go gcaithfidh tú" adeir sí "an chéad duine cloinne bheas a'd a thabhairt dhom 'na leabaidh. "Is a bhfuil tú sásta leis sin" "táim" adeir sé. "Seo hata agus fáine agus bróga dhuit" adeir sí " agus nil aon cháll dhomsa tada innseacht nios mó dhuit" adeir sí "nuair a bheas siad sin ort tá siad i ndon chuile rud innseacht dhuit."

Bhuail sé leis ansoin go ndeachaigh sé go dtí an fathach agus nuair a chuaigh sé isteach d'fhiarruigh an fathach dhe cé raibh sé dhul. Dubhairt sé go raibh sé dhul ag iarraidh maighistir maith. "Is maith mar tharla" adeir an fathach "teastuigheann buachaill maith uaimse. Tá mór sheisear ingean a'm sa" adeir sé "agus" adeir sé "tá sé cinnt orm fear a' bith fhágáil a mbeidh fhios acab cé ngabaidh siad san oidhche. "Cuirfidh mise thusa dhá bhfaireadh anocht" adeir sé "agus má bhíonn fios a'd cé ngabhfaidh siad beidh tú ceart" adeir sé "tiúbhraidh mise duine acab dhuit le pósadh ach mar a mbeidh fhios beidh an cloigeann le cailleadh a'd" adeir sé. Chuir sé in aon tseomra leóthab ansoin é sa gcaoi nach mbeadh aon ghoir acab imteacht uaidh. Nuair a chuir sé ar ansoin an hata agus na bróga agus bhí sé a breathnú le na shúilibh thríd an bhfainne ní raibh fhios acab a raibh duine a bith an aonfheacht leóthab , ní raibh siad i ndon é fheiceáil. Nuair a bhí píosa dhen oidhche

caithe d'éirigh siad seo agus thosuigh siad a cur a gcuid coltacháí orrthab agus nuair abhí na coltacháí orrthab ansoin d'éirigh duine de na hingeanacha agus thóg sí rud as an urlár. Síos léothab ann agus síos leis an 'na ndiadh. Bhí siad a dhul síos ansoin agus nuair abhí siad i ngar dhá bheith shíos, síos staighre abhí ann, b'í an ingean is sine abhí an deire agus an ingean is óige abhí an tosuigh "tá duine eicint do dhiadh" adeir an ingean is óige. "Má tá" adeir an ingean is sine ní fheicim-se é. "Ní fheicim-se ach an oiread" adeir an ingean is óige "ach airighim a anáil."

Nuair abhí siad thíos ansoin ar an talamh bhí seacht gcinn dhe chaiple thíos rúthab(rumpab) agus bhí fear ar chuile chapall acab ach ar aon cheann amhain. Ar a' bpointe boise is chuaidh an ingean is sine suas an aonfheacht le duine acab tharraing an ingean is óige anuas í agus chuaidh sí fhéin suas an aonfheacht leis an gcéad fhear. Nuair a chuaidh an ingean is óige suas ina háit ansoin ní raibh aice ach a dhul a marcigheacht ar chapall eile leithe fhéin, bhí fear ar chuile chapall acab ach ar aon cheann amháin. Ar an bpointe boise a ndeachaigh sise suas bhí eisean shuas ina diadh ní raibh aon fheiceáil aice air. Bhain siad amach na caiple ansoin b'í a capall sise abhí an tosuigh go dtáinig siad ag teach, sgaoil siad na caiple isteach sa teach agus chuaidh siad amach agus bhí bád ar a loch, bhí siad ag ciúmhaís locha an uair sin.

Chuaigh siad agus chuir siad sé bhuille ar a mbád annsoin. Shuidh chuile bhean isteach an éindí le na fear fhéin agus shuidh a bhean seisean an aonfheacht le fear agus d'éirigh an bhean óg agus chuir sí uaidh í, chuir sí 'na suidhe an áit di fhéin í agus ansoin shuidh seisean le n-a hais. "Ta fear an aonfheacht leat" adeir sí. "Níl muise" adeir an ingean is sine "ní fheicim-se é." "Mara bhfeiceann tusa é" adeir sí "airighím-se é" adeir sí Tháinig siad isteach i gcúirt bhreagh ansoin nach bhfaca sé léithide dhe chúirt ariamh, bhí sí órailte uilig, bhí an cheol istigh innte rómab. Chuaidh ansoin trí lanamhain amach a damsá agus bhí an bhean is sine ar an gcéad lanamhain a chuaidh amach agus chuaidh an bhean óg agus chuir sí ó'n bhfear í agus b'éigin di suidh síos.

Bhí sí 'na suidhe síos ansoin ní raibh fear a' bith le dhul an aonfheacht leithi. Nuair abhí a ndóthain daimsighithe acab sin ansoin d'éirigh trí lánamhain eile agus leagadh chuile shórt dhá fheabhas acab seo ansoin ar an mbord le n'ithe shuidh an fear ansoin le h-ais na ginghean is sine agus an soitheach a fuair sí an tól ann d'ól sé uirthi é agus dubhairt sí gur soitheach folamh a fuair sí. Fuair sí aríst é. Nuair abhí a ndóthain daimsighithe acab ansoin bhí poll ar bhroga chuile dhuine acab abhí a damsá agus d'iompuigh siad ar ais ar an loch aríst agus nuair abhí seisean a dhul amach ansoin an soitheach a fuair an bhean is sine le n-ól as bhí sé leaguighthe ar an mbord agus thug sé leis é.

Chuaidh siad sa' mbad ansoin agus nuair abhí siad ar ais ag an áit a raibh na capaill thug na fir léothab iad gur fhag siad ar ais iad san áit a raibh siad le thigheacht aníos thríd an urlár. Nuair abhí siad ar ais ansoin chomh fada agus agus lig an bóthar iad ní raibh acab ach a dhul suas an staighre agus chuaidh siad isteach agus chuaidh siad a chodhladh. 'S nuair d'éirigh an fathach ar maidin chuaidh sé chomh fada leis na bróga go bhfeiceadh sé a raibh poll ortha. Bhí poll ar chuile bhróg ach ar bhroga an inhean ba shine agus chuaidh sé ansoin chomh fada leis an bhfear. "A bhfaca tusa iad seo ag imteacht aréir"adeir sé "ó go cinnte

chonnaic" adeir sé. "Cé'n bealach a'r imtigh siad " adeir sé. "D'ímtigh siad síos i poll abhí san urlár" "meas tú a bhfuighinn se amach an poll sin" adeir sé. Níl fhios a'm" adeir sé "sé nós ar hosluigheadh an poll" adeir sé "agus bhí staighre síos ann." 'n'dheachaidh tú 'n aonfheacht léotha" adeir sé. "Chuaidheas" adeir sé. "Cé sórt áit abhí shíos" adeir sé. "Bhoil bhí bóthar agus seacht gcinn dhe chaiple shíos ar cheann a' bhóthair" adeir sé "agus seisear fear." "Agus" adeir sé "cé chuaidh a marcuigheacht ar na caiple". "Chuaidh fear is bean a marcuigheacht ar chuile chapall." "Agus a raibh tusa ar cheann acab" adeir sé. "Bhios" adeir sé. "Agus a' bhfuil fhios a'd cé bhí 'n aonfheacht leat" adeir sé. "Níl fhios" adeir sé. "Thiomáin siad léothab na caiple ansoin" adeir sé sgathamh maith bóthair agus ba bhreagh an bóthar é go dtáinig muid ag loch" adeir sé " agus bhí teach déanta ar bhrúach na locha gur cuiread isteach na caiple ann" adeir sé. "Chuaidh muid isteach sa mbád ansoin" adeir sé "agus chuir na seisear fear sé bhuille iomra ar an mbád agus d'iomra siad léothab treasna na locha agus b'fhada an t-achar é" adeir sé.

"Nuair a tháinig muid ag cúirt abhí ar bhrúach na locha agus chuaidh muid amach agus chuaidh muid isteach sa gcúirt agus sin í an an chúirt" adeir sé "ba bhreaghtha a chonnaic mise ariamh." "Cé sórt caoi bhí uirthi" adeir an fathach. "Bhí sí líonta le ór agus le airgead" adeir sé "agus solus ar huachtar abhí le feiceáilt ar a hiochtar." "Bhoil cé'd a rinne siad ansoin" adeir a' fathach." "Rinne siad a dhul a damsa" adeir sé. "Chuaidh siad a damsa ach aon dhuine amhain" adeir sé "Is a bhfuil fhios a'd cé acab í sin" adeir sé. "Níl fhios" adeir sé "mar a bhfuil fhios a'd fhéin é." "Tá fhios" adeir sé "mar bhreathnuigh mé ar a mbróga iniú" adeir sé "agus bhí fhios a'm nach raibh duine acab a damsa" adeir sé "sin í an bhean is sine" adeir sé. "A bhfairfidh tú aríst anocht iad" adeir sé "tá fhios a'm go maith go raibh tú an aonfheacht léothab" adeir sé "Ó bhíos" adeir sé "agus sbeánfaidh mise dhuit go raibheas" adeir sé "thug mé soitheach a raibh siad ag ól as liom" adeir sé. Ó is fiú na millte punt é sin" adeir a' fathach. "Ach a bhfanfaidh tú aríst anocht" adeir sé "dhá bhfaire" fanfhad" adeir sé "agus ní fearr liom obair a bheas orm go ceann seachtaine na dhá bhfaire" adeir sé.

D'ímtigh léothab agus chuaidh sé sa seomra a raibh siad ann aríst an oíche sin nó gur thosuigh siad dhá ngléas fhéin. Nuair abhí an bhean óg dhá gleasadh fhéin "tá duine eicint sa seomra" adeir sí "labhair an fáinne leisean ar a mhéir "iompúigh mise ar do mhéir" adeir sé "agus dean deifir" adeir sé agus ná tabhair dhe de mhéir mé. Má thugann tú dhe de mhéir mé" adeir sé "feicfidh siad thú." Thug seisean anuas an fáinne ar a mhéir agus nuair abhí sé ar bharr a mheire aige d'iompúigh sé ar a mheir é agus choinnigh sé ar a mhéir a gcomhnuidhe é "Tá sé fánach aici breathnú níos mó ort " adeir an fáinne.

Bhuail léothab ansoin aríst go ndeachaidh siad go dtí an áit a raibh na marciuthe rúthab (rómpab) go ndeachaidh siad a marcuigheacht. Chuaidh seisean a marcuigheacht an aonfheacht le na bhean fhéin mar nach bhfuigheadh sí cead a dhul an aonfheacht le aon fhear. Bhí siad a siubhal léothab ansoin go ndeachaidh siad chomh fada leis an teach leis na caiple a chur isteach ann agus go ndeachaidh siad isteach sa mbád. Nuair a chuaidh siad sa mbád . Nuair a chuaidh siad sa mbád ansoin bhí siad ag imteacht léothab go dtáinig siad chomh fada leis a gcúirt aríst. Nuair a chuaidh siad isteach sa gcúirt ansoin leagadh anuas baisín iochlainte ag chaon dhuine acab go nighfheadh siad iad fhéin, faithios go raibh sórt smúit ar bith orrthab dhe bharr na locha. Nuair abhí na báisíní dhá dtóigeál suas aríst thóig

seisean suas an ceann abhí ag á na bhean fhéin. Chuaidh siad a damsa ansoin go raibh siad tuirseach agus ansoin chuaidh siad ar an uisge agus thrial siad ar an mbaile aríst.

Chuaidh siad a chodladh ansoin nuair a tháinig siad ina tighe. Nuair abhí sé i n-ám ag a bhfathach eirigh d'ririgh sé agus tháinig sé go dtí eisean. "A bhfaca tú ag imteacht areir iad" adeir sé "chonnaiceas" adeir sé. "A ndeachaidh tú an aonfheacht léothab" adeir sé. Cuaidheas" adeir sé. "Má cheapann tú nach raibh mé ann" adeir sé "tá comhartha a'm leis" adeir sé. "Cér'd tá a'd" adeir sé. "Tá báisín uisge a'm" adeir sé. "Leagadh anusa seacht mbáisín uisge ann agus ghoid mise ceann acab" adeir sé. "Meas tú cé sórt uisge tá innte" adeir sé "Níl fhios a'm adeir sé bféidir go mbeadh fhios a'd fhéin é. "Chuimil sé braon de dhá éudan agus dúbhairt sé go b'shin é bhí teastáil uaidh fhéin le fada gur iochlaint bhí ann. "A bhfairfidh tú aríst anocht iad" adeir sé. "Fairfheadh" adeir sé. "Sin é a niarrfaidh mé ort" adeir sé an oiche anocht, beidh do roghan le fagháil acab a'd ansoin" adeir sé. D'fhan sé ansoin a faire orrthab gur airigh sé ag eirigh iad agus dhá ngléas fhéin amach. D'oscail an turlár ansoin dhóib agus bhí siad a dhul síos agus bhí seisean síos 'na ndiaidh. Go dtáinig siad ag na fir agus go ndeachaidh siad ar a gcúla agus chuaidh seisean an aonfheacht le na bhean fhéin go dtáinig siad ag áit a raibh an bád.

Nuair abhí siad a dhul treasna na locha ansoin thosuigh an oiche a dhul thar cionn agus thosuigh uisge dhá bhualadh orrthab. Nuair a tháinig siad isteach sa gcúirt b'éigin dóibh a gcuid coltacháí arthú agus fuair siad cultacháí eile le cur orrthab. Nuair a leag seise a cuid éudaigh thart bhí sé gaibhte aige san. Fuair siad racaí ansoin le na ngruaig a chiaradh agus nuair a leag sise an raca uaithi thóig seisean é. Bhuaile siad a damsa ansoin. Nuair abhí siad réidh leis an damsa ansoin chuaidh siad sa mbád aríst gur fágadh san áit chéudhna aríst iad agus chuaidh siad a chodladh. Nuair a d'eirigh siad ar maidin ansoin tháinig an fathach chomh fada leisean agus d'fhiarruigh sé de cé'n bealach abhí léothab. "An bealach céudhna abhí chuile oiche" adeir sé. "Níl mise ddhá bhfaire níos mó" adeir sé "agus tuige" adeir sé. "Mar nach bhfuil aon mhaith dhuit-se dhá bhfaire níos mó" adeir sé "Imtheóchaidh siad anocht ach duine agus agus an ceann fhanfhas féadhfaidh tú í a thabhairt dhomsa. Is fadó a bheadh siad imtighithe" adeir sé "ac bhí beirt acab a troid faoi aon fhear amháin." "Deanfaidh sin" adeir sé. Nuair a fuair sé 'na gcodladh ansoin iad chuaidh sé agus sé trí bhuile dhen fháinne ar an mbean is sine, agus agus chuaidh sé fhéin a chodladh ansoin. Thuit sé 'na chodladh ansoin agus nior chuir sé suim i dtada go dtáinig an fathach go dtí é ar maidin lár na mháireach. "A bhfaca tú iad" adeir sé leis a a' bhfathach "ta siad uilig imtighithe" adeir an fathach "ach aon bhean amhain atá ina codladh agus chinn sé orm í sin a dhúiseacht." "Nar inis mise é sin duit" adeir sé. "Cé chaoi raibh fhios a'd é" adeir sé.

D'eirigh an fáinne ansoin agus rinne sé bean de fhéin. "Nior innis an fear seo aon bhlas dhuit ach an fhírinne" adeir sí "agus thug sé chuile shórt dhá raibh teastail uaithe sa teach seo aice. Thug sé raca agus báisín agus soitheach aice agus bhí siad sin ag teastáil uaithe." Pósadh ansoin léithi é agus fuair sé chuile shórt rud ó'n bhfathach agus níor chuinnigh an fathach rud a bith dhó fhéin ní raibh sé ag iarraidh tada dhó fhéin ach an iochslainte chuimilt dhe fhéin. Dúbhairt an bhean abhí san bhfáinne an sin leis, "mise an bhean a casadh ort agus a thug iad sin dhuit, mise an bhean a chuir anseo thú agus tá mé dhul ag imteacht anois uait agus ní thiochfaidh mé chomh fada leat aríst go ceann seacht mbliana, ach deanfaidh tú

tobar” adeir sí”chomh domhain agus fhéudfhas tú” adeir sí, “bí déanamh chuile rud chomh maith agus fhéudfhas tú” adeir sí go ceann seacht mbliana” adeir sí “go dteighaidh mise chomh fada leat aríst agus má’s ingean nó mac a bheas a’d beidh sé an-fheicighithe(ag ceapadh go mbeadh sé mór) go maith ansoin a’m adeir sí.

D’imtigh sí ansoin uaidh agus thosuigh sé ag déanamh an tobair agus a deanamh obair mhaith ar freisin. Nuair abhí sé bliain pósta ansoin nuair abhí clann ag a’mbean bhí mac agus ingean aice an aonfheacht. Dubhairt sé ansoin ó bhí “Cúl le Raith ar fhéin go mbaistfheadh sé ar an mac , go mbaistfheadh sé ar Aghaidh ar a’ Sonas “ach ní maith lion dhul a baisteadh na hinghíne chor a’ bith” adeir sé “sí thiúbhradh mé dhon bhean” adeir sé “go mbaisteadh an bhean í” adeir sé. Ach bhí sé gobair leis ar an tobair agus ag obair go maith ar freisin a’ cur go leor stuif aníos as agus ní raibh aon deóir uisge a’ fanacht dhó ann. Ach nuair abhí na seacht mbliana thuas tháinig an bhean chomh fada leis. Agus nuair a tháinig sí chomh fada leis arnú bhí fhearadh na failte aige rúithi(roimpe). ‘Spáin sé an chlann dí. “Seod é mo mhac-sa adeir sí. “Ó nach leat an ingean “ adeir sé “nach í rugadh a dtosach. Ó go deimhin ní hí” adeir sí ach an mac. Cé acab a rugadh a dtosach “ adeir sí leis an máthair” “an mac” adeir an mháthair. “Beidh an mac a’m sa mar sin” adeir sí.

Nuair abhí a dÍal cainte deanta aice thimpeall ar a gclann dúbhairt sí nach raibh sé goibriú go maith ar a tobair. “Tuairim faoi cheann dhá bhliain eile” adeir sí ní bheidh tú faghail cloch ná gainimh ná tada” adeir sí “ach a cur óir aníos as.” Nuair a d’imtigh sí uaidh ansoin bhí sé gobair. Bhí sé cur aníos as ansoin dhá bhliain agus nuair abhí an dá bhliain thuas ansoin thosuigh sé cur óir aníos as, ní raibh tada le cur aníos ansoin ach ór. Bhí sé cur aníos an óir ansoin as an imtheacht seacht mbliana go dtáinig sí chomh fada leis aríst agus ní raibh tús na deire air. Bhí ansoin an chlann trí bliana déug. “A dtiocfaidh tú an aonfheacht liomsa anois” adeir sí leis an mac agus bhé sé ina fhear mhór ina ghaisgidheach. “Cé’n áit” adeir sé. Chuaigh sí agus d’oscail sí an poll agus ‘spáin sí dhó é. “Síos sa bpoll” adeir sí. “Sin é an áit céudhna nach ngabhfaidh mise go bráthach síos an aon pholl” adeir sé. “Bféidir mar sin “ adeir sí “dhá mbeadh soitheach déanta dhuit go ngabhfa ina farraige.” “Caithfidh mé dhul an áit éicint”adeir sé “a bhfuigheas fear fhéachfhas mé.” “Gabhfaidh mise an aonfheacht leat” adeir sí go ndeanfaidh mé soitheach dhuit cuirfidh mise an áit thú a bhfaigh tú fear fhéachfhas thú.”

D’imtigh léothab go ndeachaidh siad chomh fada leis an bhfairrige. An chéad mhaide sliseóg a casadh léithe chaith sí amach ar a bhfarrige é. Rinne sí sin long luachmhar lán dhe shoilse. D’arduigh sé suas a cuid seólta móra bucóideacha bacóideacha lán dearg go barra na gcrann comh fhada comh réug, comh dhíreach nar fhág téad tíre gan tarraint osclú maide rámha gan inathramhach treabhadh na farrige falcanta fíor-dhomhain ‘s nach dtreabhfar aríst go lá dheireadh an domhain, ag éisge, rúinte, miolta móra,beithidhigh bheaga bhéul dearg na farraige thiar tigheacht ar bhus agus ar bhais an mhaide rámha sglug sglug ag a bhfaoighleán ó thosach na luinge go deire na luinge na heasganaí a dhul an asgalaibh a chéile de bhrí a’ mheasguithe sin deire na sruthanachaí ciarseanachaí cuarseanachaí ` bualadh, tuargaint agus a rapáil, gainimh mín a dhul an uachtar agus gainimh garbh a dhul an iochtarle neart seóil treabhadh agus tiomáint agus na heasganaí beaga a snámh isteach innte agus a snámh amach aríst. “Buail leat anois” adeir sí “go

bhfágh tú talamh.” Thug sé dhá a trian seoil ansoin dí agus trian siubhail. Sgearr ansoin go bhfaca sé mar bheadh cnoicín beag uaidh sa bhfarrge. Ní raibh ann ach go dtug sé faoi deara sa bhfarrige é gur dhubhairt sé gur talamh é. Bhí sé triall air agus bhí sé méadú aige a gcomhnuidhe agus nuair abhí sé faoi na bhun ní raibh ann ach go raibh sé i ndon a bharr fheiceáil.

Nuair a chuaidh sé amach ar a talamh ansoin bhí abhainn a dhul anios thrí lar an chnuic agus ní raibh tada le feiceáil aige innte ach bradáin, d’fheiceadh sé corr uair iad. Agus ní raibh sí domhain chor a bith ach go raibh snámh na mbradáin innte. Thosuigh sé siubhal leis ansoin suas an éudan an chnuic agus bhí sé coingeáilt leis an abhainn a gcoinhnuighe agus ní raibh sí domhain chorr a bith ach go raibh an méid uisge abhí innte i ndon na bradáin a chur i bhfolach ar éigin. Nuair abhí sé thuas ar bharr an chnuic bhí an abhainn a tigheacht amach as barr an chnuic. Nuair abhí sé thuas ar bharr an chnuic ansoinní raibh rud a bith le feiceáil aige uaidh síos ach talamh. Bealach dá’r bhrethnuigh sé ansoin chonnaic sé an chúirt ba breaghtha dá bhfaca sé ariamh deanta. Tháinig sé ag a doras agus chinn sé ar aon doras fhaghailt uirthi agus sé nós a ndeachaidh sé isteach d’eirigh sé dhe neart a chuid fola agus chuaidh sé isteach thrí na mullach.

Nuair a tháinig sé isteach ansoin bhí bean na suidhe síos ag a teine roimhe agus bord bídh agus dighe leagtha amach aice le haghaidh duine bith a thiocthadh isteach faitchios a mbeadh ocras air “Ceadh míle fáilte romhat” adeir sí “ach cá bhfuil tú dhul” adeir sí. “Tá mé dhul ag iarraidh fear a thríaileas mé” adeir sé. Sin é an rud céudhna nach bhfaigf tú” adeir sí. “Tá rud deanta a’d sa anois” adeir sí “na’r rinne aon fhear ariamh agus nach ndeanfaidh aríst choidhchin.” “Cér’d é sin” adeir sé. “Bhoil siubhal ó bhun a chnuic” adeir sí “go barr na heasa.” “Bhí iongtas a’m” adeir sé “bheith chomh tuirseach is bhí mé. “Is níl mé an tuirseach anois” adeir sé nuair atá mo dhóthain ithte a’m.” “Bhfaca tú na bradáin” adeir sí.” “Chonnaiceas” adeir sé. “Agus ar cheap tú gur bradáin iad” adeir sí. “Cheapas” adeir sé. “Bhoil ní sheadh muipe” adeir sí “ach fir abhí ionntab sin agus bhí chuile dhuine ariamh acab ar a seachr míle dicheall ag iarraidh thú chur le fánaidh agus sin é” adeir sí. “Níl aon fhear faoi’n domhan chomh maith leat. “Cé mar thaithnigheans an talamh atá le feiceáil a’d leat”adeir sí “Go rí-mhaith” adeir sé. “Nuair a fheiceas tú tuille dhe taithneochaidh sé níos fearr leat”adeir sí.

Chuaidh sé chodhladh san oiche ansoin agus nuair d’eirigh sé ar maidin chuimil sé bos dhá shiúile dhá bhúrla agus dhá mhalaibh chiar sé a cheann ghabh sé a thráth agus d’ith sé a bhriucfasta. “Buail leat anois ” adeir sí “agus siubhail leat agus níl aoncháll dhuit coimhleacht a bith a bheith ort agus imtigh leat go gcastar cúirt eile leat agus” adeir sí “teach fathaigh é agus fainic ar a bhfaca tú ariamh a marbhóchaihá an fathach” adeir sí. “Ní mharbhóchaidh mé” adeir sé “ní bheidh tada le deanamh a’m leis ach go mbéidir dhá mbeadh sé olcgo gcuirfhinn comhairle bheag air” adeir sé. D’imtigh leis go dtáinig sé chomh fada leis an bhfathach ag dtáinig sé isteach sa gcúirt aige. Bhí ingean ag an bhfathach agus d’eirigh sí agus chuir sí chúig chéud fáilte roimhe, tháinig ghádh aice dhó. “Fú fá féasóg” adeir an fathach” fágaim balaith an Éireannach bhréughach bhradach is mór liom dhe ghreim thú agus is beag lion dhe dhá ghreim thú” adeir sé “níl fhios a’m cér’d a dheanfhas mé leat” addeir sé “mar a gcuirfidh mé dhe shéideóg san aér thú nú faoi mo chosa sa

lathach." "Gabhfaidh mé carruigheacht leat" adeir an fear. "danfaidh sin" adeir a fathach. "Níl mé dhula tabhairt droch bhas a bith dhuit" adeir a fear ach arnú sgearr a mhairfheá dhom." "Rug sé le na leath láimh ar an bhfathach. An chéud chor a thug sé dhó chuir sé go dtí na glúine é an darna cor go dtí na bhásta an triomha cor go meall a bhráda. "Talamh as do chionn a bhodaigh" adeir sé. "Chím gurb 'eadh" adeir sé is tú an gaisgidheach is fearr dhá bhfaca mé ariamh. Tiubhraidh mé m'each caol dubh dhuit" adeir sé "nach dtiocfagh an ghaothe Mhártan a bheadh ina diadh suas léithe agus a bhéarfhadhar an ngaoith a bheadh roimpe agus an claimhe soluis agus poitín na hiocslainte agus an tslaitín dhraoidheachta agus fáinne na hóige nach dtiocfaidh aon lá aois go deo ort nuair a chuirfheas tú ort é." "Is maith é an fáinne" adeir Agaidh a Sonas. "Agus tiúbra mé m'ingean le pósadh dhuit" adeir an fathach. "Tá sé luath a'm sa pósadh fós" adeir sé "Glacfaidh mé an fáinne uait" adeir sé "sin é an méid. "Ach" adeir sé "bhfuil fear a bith" adeir sé "sa riogheacht seo is aoirde ná thusa." "Ó tá" adeir sé. "Tá Rí ann" adeir sé. "Hanraoi Faoi Thuinn" adeir sé. "Ach ní fheudhfaidh tusa dhul chomh fada leis" adeir sé, d'fheudhfhá bheith ann trathnóna máireach" adeir sé ach ní fheudfaidh tú dhul chomh fada leis. Tá caisleán aige" adeir sé "agus tá fathach shuas ar bharr a chaisleáin ann agus bionn sé a caitheadh draoicheacht" adeir sé "agus mharbhóchádh sé thú." "Ní fearr liom a' caitheamh dairteachaí é" adeir sé. Cuirfidh sé chodladh thú" adeir sé. "Ní chuirfidh sé mise a chodladh" adeir sé. "Gabhfaidh mise i éinfeacht leat" adeir an ingean agus bainfidh mé an draoidheacht dhe." "Ní ghabhaidh tú i n-éinfeacht liomsa" adeir sé léithi.

"Bhuail sé leis agus nuair a chuala sé go raibh an fathach seo láidir thugadh sé cnoc dhe léim leis agus an gleann dhe theaslóg agus an fharrige mhór dhe léim rite raite dhá dteagadh sí roimhe. Bhí sé siubhal leis agus cheap sé nach raibh an fathach a' deanamh tada air, nior airigh aon bhlas ariamh dhe obair an fhathaigh go dtáinig sé faoi'n gcaisleán agus gur fhuagair sé ar a bhfathach a thigheacht annuas. Dubhairt a fathach nach ngabhfhadh. "Mar a ngabhfaidh tusa annuas" adeir sé leis a bhfathach "gabhfaidh mise suas agus marbhóchaidh do mheadhchan fhéin thú nuair chaithfheas mé anuas thú." Tháinig a fathach anuas ansoin aige agus nuair a tháinig thug sé ceangal na gcúig gcéad air go daor agus go docht go dtiúbhradh laidheicín a choise seanach dho bpoll a chluis nach seanach a mhearachaí ach barr léin agus donas mó. "Mo chongnamh agus mo chuid ort" adeir an fathach "chuille áit dhá siubhailfidh tú" adeir sé "ach mé sgaoileadh." Sgaoil sé an fathach ansoin . Thug an fathach isteach sa gcúirt ansoin é agus bhí an Rí istigh. D'fhiafruigh an Rí dhe cé b'as é. "As Chnoc na Nidh" adeir sé "Tá's a'm é" adeir a Rí. "Cá'il tusa dhul anois" adeir sé. "Tá mé teacht ag iarraidh mná ortsá" adeir sé. "Geoghfaidh tusa sin" adeir a Rí "is dhuit atá mé dhá coingbhéal." Phósadar ansoin agus bhí bainis acab seacht noiche agus seacht lá agus ní raibh fhios cé b'fearr an chéad oiche ná an oiche dheirneach. Dúbhairt an Rí ansoin leis "tá rioghacht ainne i bhfolach duinn fhéin agus leat ní sgarfaidh mé i gcaitheamh a tsaoghail, tá stoc agus eallach ainn mar bhí agaibh fhéin tá réulta agus geallach ainn mar bhí agaibh fhéin tá aonach agus marga ainn mar bhí agaibh fhéin tá laetheannta fada ainn agus teas ins an ngréin tá ór garbh craobh ainn dhá chaitheamh gan splé chúns mhairfheas a draoicheacht dho Hanraoi FÓ Thuinn. Dúbhairt sé ansoin leis go raibh sé tabhairt na háite suas do ach go mbeadh sé fhéin a breathnú 'na dhiadh. (Ní raibh draoidheacht a' bith ag Agaidh ar a Sonas ach buaidh abhí aige) D'fhan sé an aonfheacht leóthab ansoin seachtain

nú coigheis. "Bí ag obair leat a cur do chuid óir aníos go ceann seacht mbliana" adeir sí "sin é an uair a bheas do dhóthain cuirthr aníos a'd. Agus má thagann aon dhuine ag iarra na hingean ort" adeir sí "féudfaidh tú í thabhairt dhó." Nior bhaist mise ariamh í" adeir sé shíl mé gur tú fhéin a bhaistfheadh í." "Mara bhfuil uait ach í bhaisteadh" adeir sí "is furasta é sin a dheanamh, baistfidh mise dhuit í,baisteadh mé Barr na hEasa uirthi. Ní thiocfaidh mise go ceann seacht mbliana eile anois" adeir sí nuair abhí sí ag imteacht" agus cébrí fear a thiocthas dhá hiarra ná tabhair dhó í go dteagaidh mise aríst ach geallaigí dhó í. Duine ar bith thiocthas chomh fada leat" adeir sí"agus béidir gur gearr é bí ag baint spás díob go dteaga mise chomh fada lib aríst." Dubhairt sé go ndeanfhadh.

Ní mórán achair abhí sí imtighe ansoin, tuairim bliain nuair a tháinig Mac Rí na hIorú 'gá hiarraidh. Bféidir go dtúibhfhainn dhuit í " adeir sé "ach níl sí dhul a pósadh go mbeidh sí bliain is fiche. Nuair a bheas sí i n-am aice pósadh teara agus tiubhruidh mise dhuit í má bhíonn sí fhéin sasta agus mara mbeidh ní thiúbhra." "Go raibh maith agat" adeir sé agus fad saoghail, agus mara bhfuil ann agus go bhfaigh mise an bhean sin" adeir sé "ní bheidh mé beó." "Tiubhraidh mise dhuit í faoi cheann cheithre bliana" adeir sé "má bhíonn sí fhéin sásta.

Bliain ó'n la sin ansoin tháinig Mac Rí Fó Thuinn dhá hiarraidh agus d'iarr sé ar a hathair í . "Bliain go ham seo" adeir a hathair "bhí Mac na hIorú dhá hiarra agus gheall mise dhó í dhá mbeadh sí fhéin sásta ach ní fhéudfaidh sí pósadh go ceann trí bliana agus duine a bith agaibh a bheas sí fhéin sásta a phósadh faoi cheann cheithre bliana tiúbhraidh mise dhó í." Nuair abhí dhá bhliain caithe ansoin tháinig Mac Rí na Sorachaí dhá hiarra. Dubhairt a hathair ansoin "gheall mise dho fhear eile cheanna í" adeir sé "agus ní gheallfaidh mé dho aon fhear eile í. Ach teara faoi cheann bliana eile" adeir sé agus rinne sé lá áithrid leis "agus beidh an fear eile anseo" adeir sé agus an bheirt acab" adeir sé "agus cebrí cé agaibh a bheas sí fhéin sásta a phósadh an la sin tiúbheidh mise dhó í."

Nuair abhí an bhliain shuas ansoin tháinig an bhean ar a talamh. Nuair abhí sí sin ann ansoin nuair abhí an lá shuas tháinig na triúr gaisgidheachaí dhá hiarra an aonfheacht. Nuair a d'innis an tathair dhon bhean ansoin gur tháinig Mac Rí na hIorú 'gá hiarra ar dtús agus gur gheall sé fhéin dó í. "Béidir gum b'é an duine is fearr acab é adeir sí "ach má sé nú mar a b'é ná ceap go bhfuil tusa a dhul dhá tabhairt dho aon dhuine eile."

Tháinig a triúr gaisgidheachaí ansoin agus má tháinig fhein ní raibh aon ghoir aige son ar an mbeirt eile. Bhí siad a cainnt faoi go dtáinig siad. "Bhoil arnú" adeir a bhean má tá mná a teastáil uaib tiúbhraidh mise beirt bhan díb" adeir sí chomh breagh léithi agus spáinfidh dhíib anois ar a nóiméad iad má thogríonn sibh é" adeir sí. Thug sí aníos acab as a seomra iad. Meas tú anois" adeir sí "a bhfuil a bheirt sin chomh breagh léithi." "Tá fhios ainn go bhfuil" adeir siad. "Bhfuil áit a'd sa dhi sin"adeir sí le Mac Rí na Sorachaí "nú bhfuil aon dréathair na dreifiur sa mbaile a'd." "Tá" adeir sé. "Má tá" adeir sí "caithfidh tú dhul an aonfheacht léithi, tiúbhraidh mise áit dhíib" adeir sí. "Bhoil" adeir sí le Mac Rí Fó Thuinn tá fhios a'm go maith go bhfuil áit a'd sa". "Tá " adeir sé "ní athair ná máthair a'm sa agus níl dréathair na dreifiur agam agus níl tada a'm ach searbhántaí agus mé fhéin a' ní" adeir sé.

"Bhoil" adeir sí "féuidhfhaigh tusa do bhean a thabhairt leat mar sin" adeir sí " agus feicfidh mise ceart thú." Dubhairt sé go raibh sé ceart.

Nuair abhí chuie shórt ceart acab ansoin "bhoil" adeir sí "duine ar bith tá dhul an aonfheacht liomsa leanadh sé mé." Lean Cúl le Raith agus a bhean ansoin í agus d'oscail sí an poll agus chuir sí síos Cúl le Raith agus a bhean agus Mac Rí na Soachaí agus a bhean agus athair bean Chúl le Raith ruithe "tá eólus a bhealaigh sin agaibhse cheanna" adeir sí le Cúl le Raith.

Dúbhairt sí ansoin le Mac Rí Fó Thuinn "féaidfaidh tusa agus do bhean a dhul abhaile anois" adeir sí "agus beidh spré maith sa mbaile romhat. Nuair abhí sí sgara le Mac Rí na hlorrú ansoin agus le ingean Chúl le Raith. "Deanfaidh tusa cúirt i bhfad ó'n teach" adeir sí agus cheap sí amach an áit a ndeanfadh sé í. "Agus mara mbeidh sí déanta roimhe lá 's bliain agaibh tarringheóchadh sibh trioblóid orm sa. "Dúbhairt a'bhean go mbeadh. Bhí an fear a deanamh na cúirte ansoin agus ní raibh sa teach ach a bhean agus páisde sa gcliabhán. Tháinig duine uasal isteach aice tráthnóna. "Tabhair dhom deoch" adeir sé. D'eirigh sí agus rug sí ar shoitheach a dhul a tabhairt deoch dhó. "Níl dheanfaidh an deoch sin mé" adeir sé caithfidh tú deoch a thabhairt as a tobar dhom." "Tá an soitheach seo beag le hagaihdh an tobair" adeir sí. "Bhfeiceann tú an soitheach sin shall ar a drisiúr" adeir sé, soitheach galánta agus ní fhaca sí ariamh roimhe sin é. Thug sí léithi an soitheach agus chuaidh sí ag a tobar.

Nuair a shíl sí an tuisge a thóigeáil sé nús ar thuit an soitheach síos sa tobar uaithe agus ní fhaca sí aon amharc ní ba mhú air. Deirigh sí agus rith sí agus bhí sí go dtí na hascalaibh nuair a tháinig an fear abhí istigh agus bád deanta dhen chliabhán aige agus tharraing sé isteach í go dtug sé go dtí an chúirt abhí dhá deanamh í bhí an tuisge eirighthe go dtí an chúirt abhí dhá deanamh. Leigh sé an bhean agus an páisde amach ag a gcúirt. "Anois" adeir sé "mise an fear atá pósta ag dreifur do mháthar agus tá bealach fada le deanamh agam" agus adeir sé "tá tathair agus do mháthair agus tathair mór an aonfeacht linn i dTír na hÓige agus do dhreáthair" adeir sé "tá sé pósta ann agus é na Riogh ann agus beidh sliocht Chúl le Raith i dTír na hÓige agus a lorg i nÉirinn. Ní bheidh ann níos mú" adeir sé "tá an saol socruithe anois" adeir sé tá an saol socruithe anois adeir sé.

Criochnuithe 16/10/34.

Tháinig an bhean a chuir amach ar a' bhfarrige é aige ansoin, bhí sí sa soitheach ach nach bhfaca sé í. "Tá mise dhul chomh fada le do drifiúr anois go Cnoc na Ní" adeir sí agus beidh sí a dhul a pósadh go gairid." Bhí seisean a rádh go ngabhfhadh sé an aonfheacht léithi. "Ó ní fhéudhfaidh tú an áit a bhfuil tú fhágáil choidhchin" adeir sí "ach sgearr go mbeidh mise an aonfeacht leat agus tathair agus do mháthair freisin. D'ímtigh léirhi ansoin agus tháinig sí go Cnoc na Nídh agus bhí an fear ag obair leis a cur a chuid óir aníos a gcomhnuí.